



# Rísíní ag damhsa

| | |
|---|---|
| FEARAS | Próca uisce, próca de dheoch coipeach geal úr (7-Up nó sóid uisce)<br><br>Dornán rísíní |
| ULLMHÚCHÁN | Faic |
| CÚLRA | Tá na rísíní níos troime ná uisce agus mar sin téann siad go híochtar.<br><br>Greamaíonn bolgáin dé-ocsaíd charbóin ón deoch do na rísíní agus anois tá na ‘bolgáin + rísíní’ níos éadroime na an deoch agus éiríonn siad aníos.<br><br>Ag an dromchla éalaíonn na bolgáin agus síos leis rísíní arís chun a tuilleadh bolgáin a bhailiú. |
| SCILEANNA | Ag breathnóireacht |
| GNÍOMHAÍOCHT | (Nóta: is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar thaispeántas fad atá gníomhaíocht eile ar siúil).<br><br>Cuir dornán rísíní i bpróca uisce (Téann siad go híochtar).<br><br>Cuir dornán rísíní i bpróca 7-Up úr.<br><br>Téann siad go híochtar ach tar éis tamaillín tosaíonn siad ag damhsa! |
| SÁBHÁILTEACHT | **Aire leis na leachtanna** |
| LEATHNÚ | Déan na rísíní a mheá roimh an ngníomhaíocht agus ina diaidh.<br><br>An dtugann tú aon rud faoi deara?<br><br>An féidir leat míniú a thabhairt? |

